Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14399/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0324(NLE)**

**ENER 565**
**ATO 86**
**POLCOM 153**
**FDI 20**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 33ú cruinniú den Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh |

**CINNEADH (AE) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 33ú cruinniú den Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2) agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tugadh an Conradh um Chairt Fuinnimh (‘an Comhaontú’) i gcrích thar ceann an Aontais le Cinneadh 98/181/CE, CEGC, Euratom ón gComhairle agus ón gCoimisiún[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 16 Aibreán 1998.

(2) In éagmais aon nuashonrú substaintiúil ar an gComhaontú ó bhí na 1990idí ann, tá an Comhaontú as dáta de réir a chéile. Dá réir sin, moladh an Comhaontú a leasú d'fhonn é a ailíniú le prionsabail Chomhaontú Pháras faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide arna ghlacadh an 12 Nollaig 2015, le ceanglais na forbartha inbhuanaithe agus leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, chomh maith le caighdeáin nua-aimseartha maidir le cosaint infheistíochta agus réiteach díospóide idir infheisteoirí agus an Stát.

(3) De bhun an Chomhaontaithe, glacann an Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh téacsanna na leasuithe ar an gComhaontú agus formheasann sí modhnuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú agus athruithe teicniúla orthu (‘na gníomhartha atá beartaithe’).

---

[1] Cinneadh 98/181/CE, CEGC, Euratom ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 1997 maidir leis na Comhphobail Eorpacha do thabhairt i gcrích an Chonartha um Chairt Fuinnimh agus an Phrótacail um Chairt Fuinnimh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus gnéithe gaolmhara comhshaoil (IO L 69, 9.3.1998, lch. 1).

(4) Tá an Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh, le linn an 33ú cruinniú a bhí aici an 22 Samhain 2022, leis an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) na leasuithe atá beartaithe ar an gComhaontú a ghlacadh (CC 760); (ii) na modhnuithe agus na hathruithe teicniúla atá beartaithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a fhormheas (CC 761); (iii) na hathruithe teicniúla atá beartaithe ar Chomhthuiscintí, Dearbhuithe agus Cinntí a fhormheas (CC 762); agus (iv) an cinneadh maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach leasuithe ar an gComhaontú agus modhnuithe agus athruithe teicniúla ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis a fhormheas (CC 763). Leis sin, thabharfaí i gcrích an chaibidlíocht a rinneadh chun an Comhaontú a nuachóiriú.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh a bhunú , ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag na gníomhartha atá beartaithe.

(6) Ní dochar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais de bhun an Chinnidh seo don chinneadh atá le glacadh thar ceann an Aontais ina dhiaidh sin maidir le cur i bhfeidhm sealadach agus tabhairt i gcrích na leasuithe atá beartaithe ar an gComhaontú (CC 760) de bhun Airteagal 218(5) agus (6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(7) Glacfaidh an Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh na gníomhartha atá beartaithe mura gcuirfidh aon Pháirtí Conarthach sa Chomhaontú ina choinne. Ba cheart, dá bhrí sin, gurb é seasamh an Aontais gan agóid a dhéanamh, ionas go bhféadfaidh an Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh na gníomhartha atá beartaithe a ghlacadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, ag an 33ú cruinniú den Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh, a bheith rannpháirteach sa vótáil agus gan agóid a dhéanamh maidir leis an méid seo a leanas:

(a) glacadh na leasuithe atá beartaithe ar an gComhaontú (CC 760) ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh;

(b) formheas na modhnuithe agus na n-athruithe teicniúla atá beartaithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú (CC 761);

(c) formheas na n-athruithe teicniúla atá beartaithe ar Chomhthuiscintí, Dearbhuithe agus Cinntí (CC 762); agus

(d) formheas an chinnidh maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm sealadach leasuithe ar an gComhaontú agus modhnuithe agus athruithe teicniúla ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis (CC 763).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*